


# Timpiste

Lá fuar geimhridh bhí Liam agus a chara Gearóid ag rothaíocht abhaile ón scoil. Bhí na bóithre **sleamhain** in áiteanna mar bhí sé **ag cur seaca** go trom. Bhí an bheirt ag taisteal **faoi lánluas.** Nuair a bhí siad ag teacht **cóngarach** do **choirnéal** sa bhóthar rith cearc amach rompu ó **chlós feirme.** Chas Liam **cluasa an rothair** ach **sciorr** an **roth tosaigh.** D'imigh an rothar agus Liam in airde air thar an gclaí. Bhí sé ródhéanach nuair a chonaic Gearóid an chearc. **Theann** sé na coscáin ach rith an chearc isteach i ngaethe an rotha. Caitheadh an chearc suas san aer agus scaipeadh cleití ar fud na háite. Leagadh Gearóid den rothar agus **thit sé i bhfanntais** ar an mbóthar.
Rith an feirmeoir agus bean an fheirmeora amach chun cabhrú leo. D'fhéad Liam éirí ina sheasamh cé go raibh a ghlúin **gortaithe.** Bhí Gearóid ina luí ar an mbóthar gan **chor** as. Ba léir go raibh sé gortaithe go mór. Chuir bean an fheirmeora fios ar an **otharcharr. Ba bheag an mhoill** ar an **otharcharr** teacht agus cuireadh Gearóid isteach ann. Tógadh go dtí an t-ospidéal é agus **cuireadh faoi scian** é. Tháinig biseach air tar éis tamaill ach b'éigean dó fanacht ann ar feadh coicíse. D'íoc athair Liam as costas na circe. Thug Daidí **íde béil** dó agus ní bhfuair Liam aon **airgead póca** le tamall.

**Leaganacha Samhailteacha:**

Dúnadh an dorais tar éis na foghla: gnó a déanamh nuair a bhíonn sé ródhéanach.

Snámh in aghaidh an easa: bheith ag iarraidh rud **dodhéanta** a dhéanamh.

I gcás idir dhá chomhairle: nuair nach mbíonn fhios ag duine cad is ceart dó a dhéanamh.

Ní fál go haer é: Is féidir an gnó a dhéanamh. Ní rud dodhéanta é.

## A. Foclóir

**faoi lánluas,** at full speed
**sciorr,** skidded
**theann sé na coscáin,** he pulled the brakes
**thit sé i bhfanntais,** he fainted
**íde béil,** a telling off

## B. Scríobh amach an freagra ceart:

1. Cén fáth a raibh na bóithre sleamhain?
   — Bhí sneachta orthu.
   — Bhí sé ag cur seaca orthu.
   — Bhí sé ag cur báistí.
2. Cad a tharla nuair a chas Liam cluasa an rothair?
   — Thit sé den rothar.
   — Bhris sé na cluasa.
   — Sciorr an roth tosaigh.
3. Cad a tharla don chearc?
   — Caitheadh suas san aer í.
   — Rith sí ar ais go clós na feirme.
   — D'éalaigh sí thar an chlaí.

## C. Líon isteach na bearnaí sna habairtí seo a leanas:

1. Bhí siad ag teacht - do choirnéal an bhóthair.
2. Theann sé na - ach rith an chearc isteach i - an rotha.
3. Thit sé i - ar an mbóthar.
4. Chuir bean an fheirmeora fios ar an -.

## D. Cuir na focail seo a leanas in abairtí:

faoi lánluas, sleamhain, faoi scian, íde béil,
airgead póca, otharcharr, gortaithe.

## E. Freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén fáth ar sciorr rothar Ghearóid?
2. Cad as ar tháinig an chearc?
3. Cén fáth nach bhfaca Gearóid an chearc in am?
4. Cén fáth ar rith an feirmeoir agus a bhean amach chuig na buachaillí?
5. Cá bhfios duit go raibh Gearóid gortaithe go mór?
6. Cén fhad a bhí sé san ospidéal?
7. Cén fáth ar thug Daidí íde béil do Liam?
8. Cén fáth nach bhfuair Liam airgead póca le tamall?

## Gramadach 13

1. Tá Séan **go maith** ag na ceachtanna.
   Tá Gearóid **níos fearr.**
   Is é Tomás an duine **is fearr.**

Cuir na focail seo leanas in abairtí:
mór, níos mó, is mó.
beag, níos lú, is lú.
olc, níos measa, is measa.
te, níos teo, is teo,
furasta, níos fusa, is fusa.

2. Ba bheag an mhoill ar an **otharcharr teacht.**
   scoláire/léigh an leabhar, gadaí/éalaigh ón teach.
   péintéir/maisigh an teach, cailín/ceannaigh gúna nua.